



ABC Ltd.
123 Fake Street,
Blackrock,
Co Dublin

4 March 2022

Valuation Office Property No: 1234567

National Revaluation Programme – Dún Laoghaire-Rathdown County Council

Dear Ratepayer,

I wrote to the occupiers of all rateable property in the rating authority area of Dún Laoghaire-Rathdown County Council on two previous occasions, most recently on 10th of March 2021 advising that the revaluation of all commercial and industrial properties for rates purposes in that local authority area had been deferred from 2020 until 2022. This followed my correspondence on October 15th of 2019 informing you that the Commissioner of Valuation had signed a Valuation Order for the Dún Laoghaire- Rathdown County Council area with the revaluation originally due to be concluded in September 2020.

I now wish to inform you that, to allow for the impact of Covid-19 on the commercial property market to be assessed and reflected in the revaluation, the Commissioner of Valuation, with the consent of the Minister for Housing, Local Government and Heritage, has further deferred the revaluation of rateable properties in the Dún Laoghaire-Rathdown County Council area from 2022 until 2023. Accordingly, the revaluation of the rating authority area of Dún Laoghaire-Rathdown will now be finalised in October 2023 and become effective for rates purposes from 2024 onwards.

Further information, including frequently asked questions, is available on the Valuation Office website www.valoff.ie.

If you have additional queries in relation to this correspondence, please contact a member of the Valuation Office team by emailing revaldunlrath@valoff.ie or by telephoning 01 817 1033 or 1800 531 431. The phone lines are in operation from 9.00 am to 1.00 pm and from 2.00 pm to 5.00 pm Monday to Friday (excluding public holidays). Please note that due to measures to prevent the spread of COVID-19, phone lines are currently operating at a reduced capacity.

Yours faithfully,

Declan Lavelle
Head of Valuation Services



ABC Ltd.
123 Fake Street,
Blackrock,
Co Dublin

4 Márta 2022

Uimhir Mhaoine na hOifige Luachála: 1234567

An Clár Náisiúnta Athluachála – Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

A Íocóir Rátaí,

Scríobh mé chuig áitritheoirí gach maoine inráitithe i limistéar údaráis rátúcháin Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin faoi dhó roimhe seo, an uair dheireanach ar an 10 Márta 2021 ag cur in iúl go raibh an athluacháil a bhí le déanamh ar gach maoin tráchtála agus tionsclaíochta chun críocha rátaí sa limistéar údaráis rátúcháin sin le cur siar ó 2020 go dtí 2022. Chuir mé comhfhreagras ar aghaidh an 15 Deireadh Fómhair 2019 inar cuireadh in iúl duit go raibh Ordú Luachála sínithe ag an gCoimisinéir Luachála do limistéar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin agus é beartaithe ar dtús an athluacháil a thabhairt chun críche i Meán Fómhair 2020.

Ba mhaith liom a chur in iúl duit anois, chun go mbeimid ábalta an tionchar a bhí ag COVID-19 ar mhargadh na maoine tráchtála a mheas agus an tionchar sin a léiriú dá réir san athluacháil, tá an athluacháil ar mhaoine inráitithe i limistéar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin curtha siar arís ó 2022 go dtí 2023 ag an gCoimisinéir Luachála le cead ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Dá réir sin, is i nDeireadh Fómhair 2023 anois a thabharfar an athluacháil chun críche i limistéar údaráis rátúcháin Chomhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin agus go dtiocfaidh sin in éifeacht chun críocha rátaí ó 2024 ar aghaidh.

Tá tuilleadh eolais le fáil ar láithreán gréasáin na hOifige Luachála www.valoff.ie chomh maith le ceisteanna a chuirtear go minic.

Má bhíonn aon cheist eile agat maidir leis an gcomhfhreagras seo, déan teagmháil le ball foirne san Oifig Luachála trí ríomhphost a sheoladh chuig revaldunlrath@valoff.ie nó trí ghlaoch ar an uimhir 01 817 1033 nó 1800 531 431. Bíonn na línte teileafóin oscailte ón 9.00 am go dtí 1.00 pm agus ón 2.00 pm go dtí 5.00 ó Luan go hAoine (gan laethanta saoire poiblí san áireamh) tabhair ar aird go bhfuil na línte sin ag feidhmiú ar acmhainn níos lú faoi láthair chun scaipeadh COVID-19 a chosc.

Is mise le meas,

Declan Lavelle
Ceannasaí na Seirbhísí Luachála